

[11_02.mp3](#)

Téipscript

Bileog 11.2

- Comhrá 1: - Cá bhfuil tú ag dul ar do laethanta saoire i mbliana?
- Tá mé ag dul go dtí an Fhrainc.
- Comhrá 2: - Cá bhfuil tú ag dul ar do laethanta saoire i mbliana?
- Tá mé ag dul go Sasana.
- Comhrá 3: - Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire i mbliana?
- Tá mé ag dul go dtí an Iodáil.
- Comhrá 4: - Cá bhfuil tú ag dul ar do laethanta saoire i mbliana?
- Tá mé ag dul go Meiriceá.
- Comhrá 5: - Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire i mbliana?
- Tá mé ag dul go dtí an Ghearmáin.

[11_05.mp3](#)

Téipscript

Bileog 11.5

1. Beidh mé ag dul go dtí an phictiúrlann oíche amárach.
2. Fanfaidh mé le mo chairde nuair a bheidh mé sa chathair.
3. Íosfaidh mé béile deas anocht i dteach mo charad.
4. An rachaidh tú go dtí an siopa dom, le do thoil?
5. An gcloisfidh sé an guthán nuair atá sé amuigh sa ghairdín?
6. An léifidh tú mórán leabhar nuair a bheidh tú ar laethanta saoire?
7. Ceannóidh mé bronntanas duit nuair a bheidh mé ar saoire.
8. An labhróidh tú leis an mbean atá ag an doras, le do thoil?
9. Déarfaidh mé leat nuair a bheidh mé réidh.
10. Ólfaidh mé fíon deas nuair a bheidh mé sa Fhrainc.

[11_06.mp3](#)

Téipscript

Bileog 11.6

Cuid A:

- Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire?
- Tá mé ag dul go dtí an Fhrainc.
- Cé a bheidh leat?
- Mo chuid cairde Nicola agus Jenny.

Cuid C:

- Comhrá 1
- Cá bhfuil tú ag dul ar do laethanta saoire i mbliana?
Tá mé ag dul go dtí an Fhrainc.
 - Cé a bheidh leat?
 - Mo mháthair!
- Comhrá 2
- Cá bhfuil Seán ag dul ar laethanta saoire i mbliana?
 - Tá sé ag dul go Sasana.
 - Cé a bheidh leis?
 - A chuid páistí.
- Comhrá 3:
- Cá bhfuil Aoife ag dul ar laethanta saoire i mbliana?
 - Tá sí ag dul go dtí an Iodáil.
 - Cé a bheidh léi?
 - A fear céile.
- Comhrá 4 :
- Cá bhfuil sibh ag dul ar laethanta saoire i mbliana?
 - Tá muid ag dul go Meiriceá.
 - Cé a bheidh libh?
 - An dá theaghlach.
- Comhrá 5:
- Cá bhfuil siad ag dul ar laethanta saoire i mbliana?
 - Tá siad ag dul go dtí an Iodáil.
 - Cé a bheidh leo?
 - A gcuid cairde.

[11_08.mp3](#)

Téipscrip

Bileog 11.8

1. Bhí mé sa Spáinn an bhliain seo caite ar feadh dhá mhí.
2. Beidh mé ag fanacht le mo dheirfiúr san Iodáil ar feadh coicíse.
3. Beidh mo dheartháir ag fanacht liom anseo ar feadh seachtaine.
4. Bhí mé ar laethanta saoire sa Bhreatain Bheag ar feadh míosa.

[11_11.mp3](#)

Téipscript

Bileog 11.11

- Cara: Inis dom, a Mháire, cá bhfuil tú féin agus Jan ag dul ar laethanta saoire?
- Máire: Tá muid ag dul go dtí an Iodáil i gceann míosa. Tá mé ar bís le himeacht, caithfidh mé a rá! Tá mé chomh tuirseach i mo chuid oibre anois.
- Cara: Cén fhad a bheidh sibh ann?
- Máire: Beidh muid i Tuscany ar feadh seachtaine agus sa Róimh ar feadh coicíse.
- Cara: Tá do dheirfiúr ina cónaí sa Róimh, nach bhfuil? An mbeidh tú ag fanacht léi?
- Máire: Beidh. Tá árasán mór aici i lár na cathrach ansin. Tá súil againn cuairt a thabhairt ar an Pantheon agus ar na hiarsmalanna ar fad.
- Cara: An mbeidh an aimsir go maith ag an am sin?
- Máire: Beidh, tá súil agam.